2026/1736

15.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1736 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2026

maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le pasanna táirge digiteacha a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), pasanna táirge digiteacha atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis gur pasanna iad atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 10 agus 11 den Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó leis na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)5423 ón gCoimisiún ([3]), arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 8024 ([4]), d'iarr an Coimisiún ar CEN, Cenelec agus ETSI caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 10 agus 11 de Rialachán (AE) 2024/1781 ('an iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh CEN, Cenelec agus ETSI caighdeáin chomhchuibhithe EN 18216:2026, EN 18219:2026, EN 18220:2026, EN 18221:2026, EN 18222:2026, agus EN 18223:2026 i ndáil le pasanna táirge digiteacha chun tacú le Rialachán (AE) 2024/1781.

(4) Rinne an Coimisiún, in éineacht le CEN, Cenelec agus ETSI, measúnú féachaint an gcomhlíontar an iarraidh le caighdeáin chomhchuibhithe EN 18216:2026, EN 18219:2026, EN 18220:2026, EN 18221:2026, EN 18222:2026 agus EN 18223:2026.

(5) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 18216:2026, EN 18219:2026, EN 18220:2026, EN 18221:2026, EN 18222:2026 agus EN 18223:2026, comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 10 agus 11 de Rialachán (AE) 2024/1781. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na bun-cheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 5423 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2024 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil, agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide a mhéid a bhaineann le pasanna táirge digiteacha chun tacú le beartas an Aontais i dtaca le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le táirgí inbhuanaithe agus i dtaca le ceallraí agus ceallraí dramhaíola.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 8024 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 5423 a mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí agus leis na sprioc-amanna chun na caighdeáin a ghlacadh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le pasanna táirge digiteacha, a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2024/1781, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear iad leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 18216:2026 Pas táirge digiteach – Prótacail maidir le malartú sonraí
2.	EN 18219:2026 Pas táirge digiteach – Aitheantóirí uathúla
3.	EN 18220:2026 Pas táirge digiteach – Iompróirí sonraí
4.	EN 18221:2026 Pas táirge digiteach – Stóráil, cartlannú agus marthanacht sonraí
5.	EN 18222:2026 Pas táirge digiteach – Comhéadain Feidhmchláir (APInna) le haghaidh bainistiú saolré agus inchuardaitheacht pas táirge
6.	EN 18223:2026 Pas táirge digiteach – Idir-inoibritheacht córais